Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Samhain 2026
(OR. en)

14737/26

PROBA 35
DEVGEN 171
FORETS 141
ENV 1267
WTO 117

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar:	CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear rannpháirtíocht sa chaibidlíocht maidir le comhaontú idirnáisiúnta a thiocfadh in ionad an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach

CINNEADH (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE

an …

lena n-údaraítear rannpháirtíocht sa chaibidlíocht maidir le comhaontú idirnáisiúnta a thiocfadh in ionad an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) agus Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4), de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá an tAontas ina pháirtí sa Chomhaontú Idir-Rialtasach um Adhmad Trópaiceach (‘CIAT 2006’) in éineacht lena Bhallstáit.

(2) Thug an tAontas CIAT 2006 i gcrích le Cinneadh 2011/731/AE ón gComhairle[1] agus tháinig sé i bhfeidhm an 7 Nollaig 2011 ar feadh tréimhse 10 mbliana. Cuireadh síneadh le CIAT 2006 ar feadh tréimhse 5 bliana ar dtús agus ansin ar feadh tréimhse 3 bliana eile. Ní dhéantar foráil in CIAT 2006 maidir le haon síneadh tar éis an 6 Nollaig 2029.

(3) Is é is aidhm do CIAT 2006 bainistiú inbhuanaithe agus caomhnú foraoisí trópaiceacha a chur chun cinn, mar aon le leathnú agus éagsúlú thrádáil idirnáisiúnta an adhmaid thrópaicigh a thagann as foraoisí a bhainistítear go hinbhuanaithe agus as foraoisí ina ndéantar baint go dleathach. Dá bhrí sin, cumhdaítear le CIAT 2006 ábhair a bhaineann le beartais a thagann faoi Airteagal 192(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) chomh maith le beartais a thagann faoi Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, CFAE.

(4) D’fhéadfadh an chaibidlíocht maidir le comhaontú idirnáisiúnta chun teacht in ionad an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach (‘an comhaontú nua’) tarlú i gComhdháil na Náisiún Aontaithe ar Thrádáil agus Forbairt nó i samhail rialachais mhalartach ar choinníoll gur féidir cuspóirí na caibidlíochta a bhaint amach ar bhealach éifeachtúil agus costéifeachtach.

(5) Ba cheart raon feidhme an chomhaontaithe nua a bheith comhionann nó comhchosúil le raon feidhme CIAT 2006. Dá gcuirfí leis an raon feidhme, ba cheart údar maith a bheith leis sin agus ba cheart a sheachaint leis go mbeadh forluí ann le hionstraimí nó próisis idirnáisiúnta eile.

---

[1] Cinneadh ón gComhairle an 8 Samhain 2011 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Chomhaontú Idirnáisiúnta 2006 um Adhmad Trópaiceach (IO L 294, 12.11.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2011/731/oj).

(6) Ba cheart don Aontas páirt a ghlacadh sa chaibidlíocht maidir leis an gcomhaontú nua, chun a áirithiú go bhfuil sé i gcomhréir le beartais an Aontais, lena n-áirítear bainistiú inbhuanaithe agus caomhnú ar fhoraoisí trópaiceacha agus éascú trádála adhmaid thrópaicigh. Leis an gcomhaontú nua, ba cheart ionadaíocht chothrom do thíortha is táirgeoirí agus do thíortha is tomhaltóirí a áirithiú, tacú le bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí, trádáil dhlíthiúil agus inbhuanaithe an adhmaid thrópaicigh a chur chun cinn, agus creat airgeadais agus rialachais éifeachtach cothrom a bhunú.

(7) Is féidir leis na hábhair a chumhdaítear leis an gcaibidlíocht teacht faoi réimsí inniúlachta an Aontais agus faoi réimsí inniúlachta na mBallstát chomh maith.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, an Coimisiún a údarú chun caibidlíocht a dhéanamh, thar ceann an Aontais, maidir leis na hábhair a thagann faoin gcomhbheartas tráchtála chomh maith le hábhair a thagann faoin mbeartas comhshaoil, a mhéid atá comhrialacha glactha ag an Aontas a a bhféadfadh an comhaontú nua difear a dhéanamh dóibh nó a bhféadfadh a athrú leis an gcomhaontú nua .

(9) I gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis agus le prionsabal aontacht na hionadaíochta seachtraí, agus i bhfianaise na staide sonraí ina bhfuil an tAontas agus a Bhallstáit araon ina bpáirtithe in CIAT 2006, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit comhoibriú go dlúth le linn phróiseas na caibidlíochta, lena n-áirítear trí chomhordú rialta le saineolaithe teicniúla agus ionadaithe na mBallstát, chomh maith le rannpháirtíocht na saineolaithe teicniúla agus na n-ionadaithe sin i gcruinnithe d’fhonn tacú le seasamh an Aontais.

(10) Ní dochar an comhordú le saineolaithe teicniúla agus ionadaithe na mBallstát do ról an choiste speisialta mar a leagtar amach in Airteagal 218(4) CFAE.

(11) De réir mar a thagann forbairt ar an gcaibidlíocht, ba cheart na treoracha caibidlíochta a thabhairt cothrom le dáta, más gá.

(12) Tá an Cinneadh seo gan dochar do roinnt na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus a Bhallstáit maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an chomhaontaithe nua, agus do chineál an chomhaontaithe nua, ós rud é gur cheart cineál an chomhaontaithe nua a chinneadh ag an gcéim sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, údaraítear rannpháirtíocht sa chaibidlíocht maidir le comhaontú idirnáisiúnta a thiocfadh in ionad an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach a mhéid a bhaineann le hábhair a bhaineann le hinniúlacht an Aontais.

Airteagal 2

Leis seo, ainmnítear an Coimisiún mar idirbheartaí an Aontais.

Airteagal 3

Leis seo, dírítear chuig an gCoimisiún na treoracha caibidlíochta a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 4

Déanfar an chaibidlíocht i gcomhairle le Meitheal na Comhairle um Thráchtearraí, a ainmnítear leis seo mar an coiste speisialta dá bhforáiltear in Airteagal 218(4) CFAE.

Airteagal 5

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh in/sa …, …

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán